# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán

Fón: 095 33 613 | Mí na Samhna 2020

A Chairde,

Tá súil agam go raibh briseadh álainn agaibh thar seachtain na Samhna, agus gur bhain sibh taitneamh as an bhféile! Seo cupla pointe thábhachtach le meabhrú agus muid ag druidim ar mhí na Nollag.

### Fáilte

Ba mhaith linn fíorchaoin fáilte a chur roimh Mháistreás Clíona agus Máistir Seán atá mar bhaill nua d'Fhoireann Scoil Naomh Ciarán. Beidh Clíona ag múineadh sa Rang Sonais agus beidh Seán ag obair mar Mhúinteoir Tacaíochta idir muid féin agus Scoil na hAirde Móire. Tá muid chomh sásta iad a bheith linn agus guímís gach rath orthu agus iad ag tosú linn anseo i SNC!

### Cruinnithe Tuistí: Athrú ar seo i mbliana

Ní bheidh cruinnithe tuistí / múinteoirí ann i mbliana ar an gcaoi céanna is a bhíodar le blianta beaga anuas. Fós féin, tá sé tábhachtach go mbeadh comhrá gearr ag foireann na scoile libhse na tuismitheoirí / caomhnóirí maidir le dul chun cinn bhur bpáistí go dtí seo. Idir seo agus mí na Nollag cuirfidh múinteoir do pháiste glaoch teileafóin ort chun dul chun cinn do pháiste a phlé, comhrá 10 nóiméad a bheidh i gceist. Tá súil againn na Cruinnithe Tuistí a bheith ar siúl i Mí Eanair nó Feabhra ag brath ar chúinsí COVID-19.

### Mata / Gaeilge / Béarla

Tá muid ag cur béim mhór ar mhúineadh na Mata/Gaeilge/Béarla i láthair na huaire chun cinntiú go bhfuil na páistí ag forbairt agus ag foghlaim mar is cuí. Ag tosú an tseachtain seo chugainn, beidh léitheoireacht, litriú agus scríbhneoireacht san Obair Bhaile i Rang Éabha. I ngach rang, beidh focla ard-mhinicíochta sa Ghaeilge & sa Bhéarla, chomh maith le fíricí Mata le foghlaim ag na gasúir, agus iarraimís oraibhse a thuismitheoirí / chaomhnóirí cinntiú go bhfuil cleachtadh á dhéanamh orthu seo sa mbaile freisin.

### Cash for Clobber

Beidh Cash for Clobber ar siúl sa scoil arís i mbliana. Bhailigh muid an t-uafas anuraidh agus tá muid fíorbhuíoch daoibh as bhur gcuid tacaíochta. Táimid ag súil go néireoidh go maith linn arís i mbliana. Beidh na malaí á mbailiú ar an Mháirt an 10ú lá de mhí na Samhna. Ár míle buíochas le Coiste na dTuistí as an eagrúchán ar fad ina thaobh seo.

### Imní (Anxiety) & Meabharshláinte / Aireachas (Mindfulness)

Tá muid ag maireachtáil in am airid sa saol faoi láthair agus tá tionchar aige seo orainn ar fad, na gasúir san áireamh. Ar scoil, tá muid ag cur béim mhór ar an aireachas agus ar an meabhair shláinte agus moltar an rud céanna a dhéanamh ag baile. Dhéanfadh sé maitheas an tsaoil do theaghlaigh na scoile leas a bhaint as an Déardaoin Chruthaitheach chun diriú ar chúrsaí meabharshláinte agus aireachas.

Bíonn seisiún aireachas ar siúl ag ***Tuismitheoirí na Gaeltachta*** chuile Luan ar an gcóras zoom. Tá sé dírithe ar bhealaí ina féidir leis an gclann uilig aireachas a dhéanamh le chéile. Is bealach álainn é le am a chaitheamh leis an gclann chomh maith, le suaimhneas a fháil agus scíth a ligean théis an lá gnóthach. Déantar meascán de síneadh íoga, dírítear ar análú agus cuirtear béim ar smaointe dhearfacha. Is í Katie Mc Greal ó *Relax Kids* a bhíonn i bhfeighil na seisiúin agus is féidir teagmháil a dhéanamh le Tuismitheoirí na Gaeltachta chun é seo a shocrú suas.

## Seachtain Eolaíochta

Beidh Seachtain na hEolaíochta ar siúl an tseachtain seo chugainn an 9ú -13ú. Beidh turgnaimh ar siúl againn ar scoil. Beidh muid ag iarraidh ar pháistí turgnaimh a fhiosrú sa bhaile le bhur gcabhair chomh maith agus beidh níos mó eolais faoi seo sna laethanta amach romhainn. Is cinnte go mbeidh an-spóirt againn!

## Cartaí Nollag

Beidh na páistí ag dearadh a gcuid cartaí Nollag arís i mbliana agus beidh deis agaibh iad a cheannach. Beidh níos mó eolais maidir le costas na gcartaí ag dul amach go luath.

## Bliainirisí na Nollag / Christmas Annuals €2

Tá Bliainirisí Nollag Folens ar fáil arís i mbliana. Tá costas €2 orthu agus tá siad lán le rudaí deasa spraoiúla do na páistí. Seol isteach €2 ar do luathchaothúlacht.

## Seó Mór na Nollag

Faoi mar a sheasann rudaí i láthair na huaire is cosúil nach mbeidh muid in-ann Seó Mór na Nollag a bheith againn i mbliana. Cé nach mbeidh an Seó ar siúl déanfaidh muid cinnte go mbeidh go leor rudaí deasa eile ar siúl i rith thréimhse na Nollag do na páistí. Coinneoidh muid ar an eolas sibh faoi aon imeachtaí atá ar intinn againn a bheadh sábháilte le linn na tréimhse seo.

## Lón Scoile

Dea-scéala! Tá deontas faighte againn arís ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Beidh Lónadóireacht Chonamara linn arís i mbliana, ag soláthair lón scoile dúinn gach seachtain. Tá tús curtha leis seo an tseachtain seo. Beidh gach rud ar an mbiachlár ag luí le Polasaí Bia Sláintiúil na Scoile. Tá an biachlár foilsithe ar shuíomh idirlíon na scoile.

## Cúrsaí Tráchta ar maidin & tráthnóna

Ár míle buíochas libh ar fad as bhur gcomhoibriú maidir le sábháilteacht bóthair ar maidin agus tráthnóna. Le bhur dtoil, meabhraigí an méid seo a leanas do bhur bpáistí:

- Caithfidh siad siúl isteach agus amach ón scoil go deas reidh.
- **Ar maidin agus tráthnóna:** bí airdeallach agus tú ag siúl isteach agus amach ón scoil. Téann caranna suas agus síos an cnoc agus tá sé tábhachtach go mbeadh na gasúir ar fad ag siúl le balla agus iad ar an mbealach isteach / amach ón scoil.
- **Ag trasnú ó gheata an tséipéil:** Caithfidh na gasúir fanacht go dtiocfadh an múinteoir anonn acu chun iad a threorú trasna an bhóthar go dtí an geata. Caithfidh siad breathú suas agus síos an cnoc sula dtrasnaíonn siad chuig na scoile.
- **Ag 3 i.n.:** Caithfidh na gasúir fanacht taobh istigh de gheata na scoile go dtí go bhfeicfidh an múinteoir an tuiste/caomhnóir ag fanacht. Ansin, scaoilfear amach an páiste.
- **Ag 3 i.n:** Níl cead ag na gasúir rith síos an cnoc tar éis na scoile.

**Buíochas**

Míle Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí, a chur obair na gcapall isteach le cupla seachtain anuas ar son na scoile. Ach go háirithe, go raibh míle maith agaibh le na daoine a tháinig le chéile chun na sean-chrainn a ghearradh siar i ngarraí an tséipéil. Tá níos mó feiceál anois ar an bpríomhbhóthar agus tá feabhas tagtha ar chúrsaí sábháilteachta. Freisin, ár mbuíochas ó chroí le pobal na scoile ar fad, a d'eagraigh bronntanas álainn do Mháistreás Nóra ar a lá deireanach linn anseo i SNC. Bhí Nóra an-tógtha leis an imeacht a eagraíodh di taobh amuigh den séipéal, mór a' bhuíochas libh ar fad as bhur gcineáltas.

Fan slán agus tabhair aire daoibh féin, le gach uile deá-ghuí,

Éabha Ní Chualáin, Príomhoide

**Meabhrú:** Siúl le taobh an bhalla seo agus tú ag teacht isteach ar scoil agus ag imeacht abhaile ón scoil, mar bíonn caranna ag dul suas agus síos an cnoc.

